2024/978

25.4.2024

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 233/2023

## an 22 Meán Fómhair 2023

## lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/978]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/866 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 12w (Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32023 R 0866**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/866 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2023 (IO L 113, 28.4.2023, lch. 5).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/866 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 23 Meán Fómhair 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Pascal SCHAFHAUSER

([1]) IO L 113, 28.4.2023, lch. 5.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.